# Dearbhú um Chosaint Sonraí

## Ceistneoir na dTuismitheoirí agus na Scoláirí

**Aitheantas agus sonraí teagmhála an rialtóra:**

Foras Taighde ar Oideachas
DCU - Campas Choláiste Phádraig
Droim Conrach
Baile Átha Cliath 9
Éire
D09 AN2F
Teil: +353 1 837 3789
Ríomhphost: PISA.Ireland@erc.ie

**Cén cuspóir a bhaineann le bailiú agus le próiseáil sonraí?**

Is do chuspóirí eolaíocha amháin a úsáidfear na sonraí a bhaileofar i rith staidéar PISA (Programme for International Student Assessment) 2025, lena n-áirítear Triail Allamuigh 2024. Is tionscadal taighde ar oideachas é PISA, urraithe ag an OECD (Organisation for Economic Cooperation and Development). Reáchtálann an Foras Taighde ar Oideachas (FTO) PISA in Éirinn ar iarratas ón Roinn Oideachais, agus thar ceann

na Roinne Oideachais. Tá sé seo i gcomhréir le ceann de na feidhmeanna ("*carrying out national and international assessments of the attainment levels and academic achievement of students and reporting on such assessments to the Minister*") a leagadh amach in Ordú Bunaithe an FTO mar chomhlacht reachtúil (tá sé seo le feiceáil, ina iomláine ag: http://www.irishstatutebook.ie/eli/2015/si/392/made/en/print).

Is é "for compliance with a legal obligation to which the controller is subject" bunús dlíthiúil an FTO chun sonraí pearsanta a phróiseáil de réir RGCS, Alt 6.

**Cén t-eolas a iarrtar?**

Iarrtar ar scoláirí rannpháirteacha agus ar a dtuismitheoirí nó a gcaomhnóirí ceistneoir a chomhlánú chun eolas luachmhar comhthéacsúil a sholáthar don staidéar. Cuireann na ceistneoirí ceisteanna maidir le teaghlaigh na scoláirí agus a dtithe, na hacmhainní atá ar fáil, oideachas réamhscoile agus gníomhaíochtaí óige, tuairimí ar oideachas, spéis san eolaíocht agus sláinte agus folláine fhisiceach agus mhothúchánach na scoláirí.

- Chun a chinntiú go bhfuil PISA bunaithe ar shamplaí de scoláirí agus de scoileanna a roghnaíodh go heolaíoch, táthar ag súil go gcomhoibreoidh scoileanna le riarachán PISA ina scoil nuair a iarrtar orthu é sin a dhéanamh (Ciorclán 0025/2012 ón ROS).
- Ní chuirfear scoláirí faoi mhíbhuntáiste ar bhealach ar bith i gcás nach gcomhlánaítear Ceistneoirí an Scoláire nó na dTuismitheoirí, agus tá cead ag freagróirí léim thar cheisteanna aonair nó éirí as ceisteanna a fhreagairt in am ar bith.

- Chun pictiúr iomlán a fháil ar an gcóras oideachais in Éirinn, spreagaimid gach scoláire a ndearnadh sampláil orthu a bheith rannpháirteach.  Mar sin féin, más mian le rannpháirtí staidéir, (nó le tuismitheoir/caomhnóir rannpháirtí staidéir) tarraingt siar ó rannpháirtíocht i PISA, is féidir amhlaidh a dhéanamh trí iarratas a chur isteach chuig PISA.Ireland@erc.ie suas le 4 seachtaine tar éis reáchtáil na dtrialacha.
- Is féidir le haon rannpháirtí, a dteastaíonn uaidh/uaithi a (h)eolas a tharraingt amach nó a athrú, dul i dteagmháil leis an bhForas Taighde ar Oideachas (PISA.Ireland@erc.ie). Má tharraingíonn duine amach as an staidéar, ní bhaileofar aon sonraí breise don duine sin. Coimeádtar roinnt eolais ar tharraingt amach agus ar eisiamh chun an sampla a bhailíochtú agus chun eolas a chur ar fáil do riarachán trialacha sa todhchaí (m.sh., le feiceáil an bhfuil baol níos mó ann go dtarraingeodh cailíní amach as rannpháirtíocht sa staidéar).
- Is féidir ceisteanna maidir le cosaint sonraí pearsanta a sheoladh chuig Oifigeach um Chosaint Sonraí an FTO (data-protection@erc.ie).

**Cén saghas sonraí a bhailítear?**

Bailítear agus stóráiltear sonraí ó fhreagraí ar gach Ceistneoir Scoláirí agus Tuismitheoirí a chuirtear i gcrích. Is mar uimhreacha a chuirtear an freagra roghnaithe in iúl (ceist ilrogha, nó rogha idir Tá/Níl, mar shampla). Ní féidir an t-eolas seo, ann féin, a úsáid chun freagróirí aonair a aithint as a n-ainm. Mar sin féin, déantar aitheantas scoláirí a thaifeadadh chun gach scoláire agus a t(h)uismitheoir nó caomhnóir a aithint go huathúil.  Cuireann sé seo ar ár gcumas eolas an cheistneora a nascadh le sonraí thriail an scoláire. Tá an gaol idir an Uimhir Aitheantais seo agus tuismitheoir/caomhnóir an scoláire agus a sonraí trialach, ar eolas ag an Teagmhálaí Scoile, ag an FTO, agus ag Westat (Maryland, SAM). Is cabhair í an uimhir seo chun sampla na scoileanna a ullmhú do na tíortha rannpháirteacha, agus don OECD, ach ní roinntear í le haon tríú páirtí eile.

**Cá háit, conas agus cá fhad a dhéantar sonraí PISA a stóráil?**

Stóráiltear sonraí PISA go daingean san FTO agus ní féidir le haon duine ná córas seachtrach rochtain a fháil orthu.  Ina theannta sin, níl rochtain ar na sonraí ach amháin ag fostaithe de chuid an FTO atá ag obair ar an staidéar.  Ina theannta sin, aon fhostaí de chuid an FTO a dhéanann rochtain ar na sonraí chun iad a phróiseáil, cuireadh ar an eolas go cuí é/í maidir lena bhfuil i gceist le láimhseáil inghlactha sonraí. Tá aontú rúndachta sínithe acu. Ó am go chéile, d’fhéadfadh go mbeadh ar sholáthraithe tríú páirtí rochtain a fháil ar ár gcórais chun tacú lenár mbonneagar líonra agus TF. Tá Comhaontuithe Próiseálaí Sonraí cuí i bhfeidhm ag an FTO leis na tríú páirtithe seo chun do chuid sonraí a chosaint.

**Is mar seo a stóráiltear na sonraí:**

Stóráiltear gan chríoch sonraí freagartha sa chaoi go bhfuil siad ar fáil don anailís. Maidir leis an bPríomhstaidéar, beidh na sonraí seo i mbunachar sonraí ar deireadh, a cheadaíonn do lucht taighde córais oideachais ar fud an domhain a chur i gcomparáid (féach *rochtain phoiblí* thíos).

Déanann Conraitheoirí PISA i SAM agus san Astráil agus an OECD i bPáras próiseáil ar shonraí. I measc Chonraitheoirí PISA 2025 tá ACER, 19 Prospect Hill Rd, Camberwell VIC 3124, An Astráil; Westat, 1600 Research Blvd, Rockville, MD 20850, SAM. Is gan ainmneacha a sheoltar na sonraí uile do phróiseáil na sonraí – ní bhíonn le feiceáil ach uimhreacha na Scoileanna. Tá an OECD faoi réir threoracha um chosaint sonraí mar a mhínítear ar a suíomh gréasáin Beartas Príobháideachais - OECD.

**Cé leis a ndéantar sonraí ó PISA a roinnt agus conas a dhéantar an roinnt?**

Cuireann Kefron, 53 Bóthar na Páirce Thiar, Páirc Thionscail na Páirce Thiar, Baile Átha Cliath 12, D12 F8RK sonraí ó Cheistneoirí na dTuismitheoirí isteach i mbunachar sonraí. Tá aistriú sonraí ón FTO go Kefron cosanta ag Aontú um Próiseáil Sonraí.

Úsáidimid Microsoft Office 365 (cláir ar nós Outlook, Sharepoint) inár gcuid oibre, agus úsáidimid bearta daingne príobháideachais i ngach céim den staidéar. Ina theannta sin, scriosann Irish Security Shredding (Irish Security Shredding, Skellys Yard, An Barda, Co. Bhaile Átha Cliath) ábhair pháipéir faoi rún ag áitreabh an FTO, ag deireadh an staidéir. Tá aistriú ábhar ón FTO go Irish Security Shredding cosanta ag Aontú um Próiseáil Sonraí.

Seoltar sonraí freagartha ón FTO chuig an OECD, via freastalaí slán FTP, faoi ainm bréige, is é sin: déantar próiseáil orthu ar bhealach nach féidir na sonraí pearsanta a cheangal a thuilleadh le haon duine sainiúil is ábhar do na sonraí gan eolas breise a úsáid (aon eolas breise dá leithéid á choimeád as féin agus faoi réir bearta teicniúla agus eagraíochtúla le cinntiú nach luaitear duine nádúrtha aitheanta ná inaitheanta leis).

Déantar aistriú na sonraí chuig SAM agus an Astráil, mar thríú tír, agus chuig an OECD ag úsáid maolaithe ar mhaithe le leas an phobail. Roinntear na sonraí ar ais freisin, arís thar fhreastalaí slán FTP, leis na hionaid náisiúnta taighde a

reáchtálann PISA i ngach tír a ghlacann páirt.

**Sonraí atá bainteach**

In éineacht leis na scoláirí agus tuismitheoirí nó caomhnóirí, iarrtar ar chomhordaitheoirí eolaíochta agus ar phríomhoidí ceistneoir a chomhlánú freisin.

**Rochtain phoiblí**

Beidh rochtain ag an bpobal ar an mbunachar sonraí taighde idirnáisiúnta deiridh ó na suíomhanna gréasáin seo a leanas: https://www.oecd.org/pisa/data/

Tá na sonraí uile sa bhunachar sonraí anaithnid, agus ní féidir iad a cheangal le daoine aonair. Déanann an FTO na sonraí go léir anaithnid roimh fhoilsiú an bhunachair sonraí taighde inmheánaigh chun a chinntiú nach féidir aon duine a aithint.

**Cinnteoireacht agus próifíliú uathoibrithe**

Ní reáchtáiltear aon chinnteoireacht uathoibrithe, próifíliú san áireamh, a luaitear in Alt 22 RGCS.

**Cearta Daoine is Ábhar do na Sonraí**

Tá daoine is ábhar do na sonraí i dteideal na gceart a leagtar amach in Ailt 15-20 RGCS. Tá an ceart ag daoine is ábhar do na sonraí gearán a chur isteach le húdarás maoirseachta. In Éirinn, is é seo an t-údarás cuí:

Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí,
21 Cearnóg Mhic Liam Theas

Baile Átha Cliath 2

D02 RD28

Éire
Teil: 01 765 0100 / Uimhir LoCall:  1800 437 737
Is féidir tuilleadh eolais maidir le teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí a fháil anseo: Conas teagmháil a dhéanamh linn | An Coimisinéir Cosanta Sonraí